# Airbnb sa Ghaeltacht

Eochairfhocail: limistéar, cláraithe, géarchéim, bánú pobal, easpa tithíochta, áitreabhaigh

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht agus labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad atá curtha ar fáil ag Insight Airbnb do Chonradh na Gaeilge agus don cheardchumann Tionóntaí Gníomhaíochta Pobail?
2. Cén ráta ardaithe a tháinig ar líon na dtithe atá ar Airbnb sna ceantair Ghaeltachta idir Bealtaine 2019 agus Meán Fómhair 2025?
3. Cé mhéad teach atá ar Airbnb i gCois Fharraige i nGaillimh?
4. Cad is ainm don cheantar ina bhfuil 182 teach atá ar Airbnb?
5. Céard é an ceantar Gaeltachta is mó a bhfuil tithe ann atá cláraithe le Airbnb? Ciarraí Thiar/Corca Dhuibhne
6. An bhfuil dearcadh dearfach nó diúltach ag an mbeirt chainteoirí a cuireadh faoi agallamh don mhír nuachta seo i dtaobh tionchar Airbnb sna ceantair Ghaeltachta?
7. Cén grúpa a bhfuil Paul Dias ina bhall de?
8. Cad atá ráite ag Paul Dias faoin bhfadhb seo?
9. Luaigh dhá rud a deir Paul a chailltear dá bharr seo?
10. Ar chaith tú saoire riamh i lóistín Airbnb? Cén saghas eispéiris a bhí agat?



## Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Ag obair le do pháirtí ranga déanaigí plé ar ghéarchéim na tithíochta sna ceantair Ghaeltachta. Cabhróidh na hábhair plé seo a leanas libh an comhrá a stiúradh.**

- deacrachtaí maidir le cead pleanála
- ní féidir le muintir na háite fanacht ina gceantar dúchais
- an iomarca tithe saoire
- líon na ndaoine a bhfuil Gaeilge acu sna ceantair seo ag titim
- an teanga agus an cultúr ag éirí níos laige
- an spiorad pobail ag lagú
- seirbhísí cosúil leis an oifig phoist agus clinic an dochtúra ag imeacht diaidh ar ndiaidh
- daoine óga nach féidir leo aon saghas lóistín a fháil



**Is duine óg tú arb as ceantar Gaeltachta duit. Tá alt gearr don nuachtán áitiúil á scríobh agat. Géarchéim na tithíochta sa Ghaeltacht is ábhar don alt. Is leor 150 focal. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.**

- géarchéim ár linne
- ag dul in olcas
- níl go leor tithe nó árasáin á dtógáil
- an ghlúin óg atá thíos leis
- an Ghaeilge ag fáil bháis mar theanga
- daoine óga ag dul ar imirce
- praghas ard an chíosa
- míréalaíoch
- éadóchasach
- todhchaí dhuairc

Freagraí

1. Sonraí a léiríonn an fás atá tagtha ar líon na dtithe ar Airbnb sna ceantair Ghaeltachta
2. 88%
3. 23
4. Na Rossa, Dún na nGall
5. Ciarraí Thiar/Corca Dhuibhne
6. Dearcadh diúltach
7. Coiste Cheardchumann Tionóntaí Gníomhaíochta Pobail na Gaillimhe
8. Go bhfuil ardú suntasach tagtha ar líon na mball den cheardchumann atá á ndíshealbhú ar mhaithe le cóiríocht ghearrthéarmach a dhéanamh den lóistín
9. Tá teaghlaigh gan dídean, tá pobail á mbánú, cailltear teanga agus cultúr díreach ar mhaithe le brabús a dhéanamh.

